Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Feabhra 2024 (OR. en)**

**5663/24**

**CO EUR-PREP 3**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (21 agus 22 Márta 2024) – Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. AN ÚCRÁIN

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar gach gné de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ar thacaíocht leanúnach an Aontais don Úcráin agus do mhuintir na tíre sin.

## II. SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar cheist na slándála agus na cosanta, an gá le hullmhacht fhoriomlán na hEorpa don chosaint san áireamh, d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le céimeanna breise chun tionscal cosanta na hEorpa a dhéanamh níos athléimní, níos nuálaí agus níos iomaíche.

## III. AN MEÁNOIRTHEAR

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar an staid sa Mheánoirthear.

## IV. MÍREANNA EILE

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar na tosaíochtaí do Sheimeastar Eorpach 2024 agus iarrfar uirthi an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a fhormhuiniú.

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach a marana ar na hullmhúcháin don Chlár Oibre Straitéiseach nua.

I bhfianaise a dtarlóidh, d'fhéadfadh sé go dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar shaincheisteanna sonracha a bhaineann leis an mbeartas eachtrach.